Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 42

# Forbairt Tuaithe agus Pobail

## Réamhrá

Tá ceanglas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €10.304 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas seo.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in gciorclán 27 de 2019, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas a leanas:

***Íocaíochtaí chuig Pobal***

Déantar maoiniú a réamhíoc chuig Pobal maidir le cláir áirithe a sheachadadh ar bhonn gníomhaireachta. Muirearaíodh an méid iomlán a íocadh le Pobal i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha sa bhliain. (Féach ar Nóta 6.3)

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á chur i bhfeidhm ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna pá rolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a chur ar fáil don Roinn seo.

An tIonad um Chomhsheirbhísí Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Vóta 24) a chuireann na comhsheirbhísí airgeadais ar fáil. Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an tIonad Comhsheirbhísí Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhlíonta agam.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais a chur ar fáil do mo Roinn.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de.

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí,
- Tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a chur orm maidir le m'fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Roinne a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go bhfuil ach go háirithe:

- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí,
- córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn,
- tá freagracht tharmligthe ar Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (*OGCIO*) slándáil i ndáil le cúrsaí ICT a chinntiú faoi mheabhráin tuisceana
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí i bhfeidhm.

***Iniúchadh inmheánach agus An Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Mar chuid den fhorbairt leanúnach ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, déanfaidh mé féin agus an coiste iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil uirthi. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Comhlíontadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn treoirlínte náisiúnta agus rialacháin AE i leith gach soláthar in 2019. Ach, breithnítear go raibh dhá chonradh a bronnadh go díreach i rith na bliana comhlíontach le rialacha soláthair áfach, ós rud é go dtagann an t-údar na conarthaí sin a bhronnadh laistigh de na heisceachtaí i ndáil le próiseas iomaíoch a cheadaítear i reachtaíocht náisiúnta agus AE. Cuireadh na conarthaí sin, arbh ionann a luach iomlán agus €245,000 (gan CBL san áireamh), san áireamh i dtuairisceán bliantúil 2019 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Chiorclán 40/02.

Is é beartas na Roinne seo leas a bhaint as gach creat atá ar fáil go lárnach a luaithe is a chuirtear i bhfeidhm iad agus teagmháil a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le riachtanais níos sonraithe. Leantar de rialuithe a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir a dtábhachta. Sonraítear sa chlár rioscaí chomh maith na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chomh maith chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras bainistithe riosca agus ar a chur i bhfeidhm. Tá comhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta ar an gcoiste agus tagann an coiste le chéile go ráithiúil. Déantar an clár riosca a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach cruinniú ráithiúil.

Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais sna ráitis airgeadais maidir le 2019 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu. Leanfaidh an Roinn de bheith ag leagan béim láidir ar an oibríocht agus ar an athbhreithniú leanúnach ar rialuithe inmheánacha airgeadais in 2020.

**Kevin McCarthy**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

26 Márta 2020

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Forbairt Tuaithe agus Pobail agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2020

## Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

# Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha | 138,371 | 137,080 | 87,626 |
| B | Forbairt Pobail | 148,225 | 149,733 | 145,764 |
| C | An tÚdarás Rialála Carthanas | 4,606 | 3,870 | 4,093 |
| **Ollchaiteachas** | | **291,202** | **290,683** | **237,483** |
| | *Lúide* | | | |
| D | **Leithreasaí i gCabhair** | **30,520** | **40,305** | **26,893** |
| **Glanchaiteachas** | | **260,682** | **250,378** | **210,590** |

**Barrachas**

Tá an barrachas an mhéid a soláthraíodh, os cionn an ghlanmhéid a cuireadh i bhfeidhm, dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **10,303,538** | **5,410,518** |

**Kevin McCarthy**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

26 Márta 2020

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 279,929 | 228,414 |
| Pá | | 8,755 | 7,515 |
| Neamhphá | | 1,999 | 1,554 |
| **Ollchaiteachas** | | **290,683** | **237,483** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **40,305** | **26,893** |
| **Glanchaiteachas** | | **250,378** | **210,590** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (133) | | |
| Dímheas | 85 | (48) | (299) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | (25,229) | (8,387) |
| Laghdú ar stoc | | — | 3 |
| **Caiteachas díreach** | | **225,101** | **201,907** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,932 | 2,044 |
| **Glanchostas cláir** | | **227,033** | **203,951** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 42 a iompraíodh in áit éigin eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 11 | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 131 | — |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 363 | 190 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,091 | 1,516 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 18 | 7 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 329 | 331 |
| | | **1,932** | **2,044** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 388 | 340 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 300 | (1,206) |
| Réamhíocaíochtaí | 2.2 | 28,349 | 9,605 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 309 | 69 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.4 | 45 | 1,707 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 11,931 | 5,469 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 40,934 | 15,644 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 235 | 258 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 654 | 570 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 889 | 828 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 40,045 | 14,816 |
| **Glansócmhainní** | | **40,433** | **15,156** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas an mhaoinithe stáit** | 2.7 | **40,433** | **15,156** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF agus trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2019 | 840 | 116 | 956 |
| Breiseanna | 33 | 100 | 133 |
| Diúscairtí | — | (5) | (5) |
| Costas nó Luacháil 31 Nollaig 2019 | 873 | 211 | 1,084 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | 609 | 7 | 616 |
| Dímheas don bhliain | 63 | 22 | 85 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (5) | (5) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2019 | 672 | 24 | 696 |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2019** | **201** | **187** | **388** |
| Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2018 | 231 | 109 | 340 |

## 2.2 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe | 16,929 | — |
| Forbairt leabharlann agus seirbhís chartlainne | 5,935 | — |
| Forbairt Eacnamaíochta Réigiúnach | 1,946 | 1,560 |
| Na Scéimeanna Forbartha Tuaithe Náisiúnta | 1,642 | — |
| *LEADER* - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe | 1,252 | 942 |
| Tacaíochtaí do phobal agus d'oibrithe deonacha | 457 | 1,117 |
| Riarachán | 180 | 8 |
| Athghiniúint na mBailte agus na Sráidbhailte | 8 | — |
| Na Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla | — | 5,978 |
| | **28,349** | **9,605** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Scéimeanna na bpasanna taistil | 62 | 52 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 10 | 17 |
| *Leader* – tionscnamh bia | 215 | — |
| Míreanna fionraí eile | 22 | — |
| | **309** | **69** |

## 2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 10,304 | 5,411 |
| Deontas Státchiste gan tarraingt | (10,349) | (7,118) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(45)** | **(1,707)** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 300 | (1,206) |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 309 | 69 |
| | 609 | (1,137) |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (654) | (570) |
| | (654) | (570) |
| | **(45)** | **(1,707)** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig 2019 | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| **Fo-mhír-cheann** | **Míniú** | | |
| A.5 | *LEADER* - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe | 6,613 | 5,042 |
| A.9 | Na Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla | 20 | — |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 5,276 | 427 |
| C.3 | An tÚdarás Rialála Carthanas | 22 | — |
| | | **11,931** | **5,469** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 171 | 150 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 84 | 78 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 97 | 31 |
| Cáin Bhreisluacha | 13 | — |
| | 365 | 259 |
| Comórtas na mBailte Slachtmhara | 230 | 274 |
| Eile | 59 | 37 |
| | **654** | **570** |

## 2.7 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 15,156 | 6,473 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 260,682 | | 216,001 |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (10,304) | | (5,411) |
| Glanvóta | | | 250,378 | 210,590 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 1,932 | 2,044 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (227,033) | (203,951) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **40,433** | **15,156** |

## 2.8 Tiomantais

**a) Tiomantais Dhomhanda**

| Amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 237 | — |
| Cláir dheontas neamh-chaipitil | 110,497 | 42,564 |
| Cláir dheontas caipitil | 232,283 | 241,795 |
| **Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí** | **343,017** | **284,359** |

| **b)Cláir dheontas neamh-chaipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 42,564 | 40,228 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (136,966) | (130,265) |
| Tiomantais deontas nua | 204,899 | 132,601 |
| **Iarmhéid deiridh** | **110,497** | **42,564** |

| **c) Cláir dheontas caipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|

| | €000 | €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 241,795 | 209,028 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (137,729) | (94,857) |
| Tiomantais deontas nua | 128,217 | 127,624 |
| **Iarmhéid deiridh** | **232,283** | **241,795** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 8,457 | 8,755 | 7,515 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 604 | 455 | 306 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 539 | 777 | 711 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 207 | 66 | 52 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,697 | 258 | 364 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 325 | 214 | 108 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas | 90 | 229 | 13 |
| | | **11,919** | **10,754** | **9,069** |

### Athrúcháin shuntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothabháil**

*Soláthar measta: €604,000, toradh: €455,000*

Ba mar thoradh ar mhoill a bheith ar leibhéil ionchais foirne a fhostú agus ar thaisteal foriomlán a bheith níos ísle ná mar a measadh a raibh an t-easnamh €149,000 i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar measta: €539,000, toradh: €777,000*

Ba mar thoradh ar speansais theagmhasacha, atá in ann a bheith ag athrú, a bheith níos mó ná mar a bhí súil leis a raibh méadú €238,000 i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar measta: €207,000, toradh: €66,000*

Ba mar thoradh ar na costais a bhain le postas a bheith cuid mhaith níos lú ná mar a bhí súil leis a raibh easnamh €141,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar measta: €1.697 milliún, toradh: €258,000*

Ba mar thoradh ar chaiteachas níos lú ná mar a bhí súil leis ar threalamh agus ar sheirbhísí IT a raibh easnamh €1.439 milliún i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta. De bhrí nach raibh samhail athmhuirearaithe chuí forbartha ag *OGCIO* go dtí an chuid deiridh de 2019, ach go háirithe, mar sin níor gearradh costais seirbhísí comhroinnte TFC chuig an Vóta in 2019.

***vi* Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige**

*Soláthar measta: €325,000, toradh: €214,000*

Bhí easnamh €111,000 i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta mar gheall ar chaiteachas ar áitribh agus áiseanna oifige ar shuíomhanna i mBéal an Átha agus i Trinity Point araon a bheith níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis mar gheall ar mhoill ar uasghrádaithe a bhí beartaithe.

***vii* Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas**

*Soláthar measta: €90,000, toradh: €229,000*

Bhí méadú €139,000 ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta mar gheall ar athbhreithniú a coimisiúnaíodh ar shócmhainní cuntais dhíomhaoin a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus mar gheall ar athbhreithnithe neamhspleácha eile a coimisiúnaíodh chun tacú le beartais a fhorbairt sa Roinn.

## Clár A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastа** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 4,711 | 4,902 | 4,208 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,931 | 1,123 | 876 |
| A.3 | Coimisiún Forbartha an Iarthair | 2,028 | 2,015 | 1,436 |
| A.4 | Scéimeanna forbartha tuaithe náisiúnta | 20,300 | 23,867 | 20,426 |
| A.5 | *LEADER* - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe | 30,000 | 45,188 | 24,587 |
| A.6 | Comórtas na mBailte Slachtmhara | 1 | 1 | 1 |
| A.7 | Athghiniúint na mbailte agus na sráidbhailte | 15,000 | 12,999 | 12,755 |
| A.8 | Forbairt eacnamaíochta réigiúnach | 2,400 | 2,071 | 2,616 |
| A.9 | Na scéimeanna feabhsúcháin áitiúla | 10,000 | 13,629 | 16,401 |
| A.10 | An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe | 52,000 | 31,285 | — |
| | *Bearta na gcuntas díomhaoin* | — | — | *4,320* |
| | | **138,371** | **137,080** | **87,626** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €1.291 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €617,000 de sin le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana agus bhain iarmhéid an athraithe, €674,000, leis na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**A.4** ***Scéimeanna forbartha tuaithe náisiúnta***

*Soláthar meastа: €20.3 milliún, toradh: €23.867 milliún*

Cuirtear maoiniú le haghaidh roinnt scéimeanna ar fáil faoin bhfo-mhírcheann seo lena n-áirítear an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (*ORIS*), Scéim na Siúlóidí agus CLÁR, chomh maith le roinnt tionscnamh eile faoina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt tuaithe. Bhí méadú €3.567 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastа ann mar gheall, den chuid is mó, gur tugadh tionscadail laistigh de scéimeanna *ORIS* agus CLÁR chun críche níos túisce ná mar a rabhthas ag súil leis i dtús báire.

**A.5** ***LEADER*** **- Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe**

*Soláthar meastа: €30 milliún, toradh: €45.188 milliún*

Bhí méadú €15.188 milliún ar chaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar meastа mar gheall gur clár faoi stiúir éilimh é *Leader* agus go raibh na tréimhsí ama a bhí i gceist, chun ceaduithe tionscadail a thabhairt chun críche, níos sciobtha ná mar a measadh i dtús báire.

**A.7 Athghiniúint na mbailte agus na sráidbhailte**

*Soláthar measta: €15 milliún, toradh: €12.999 milliún*

Ba mar thoradh ar mhoill a bheith ar na tionscadail chaipitil a thabhairt chun cinn agus tarraingt anuas an mhaoinithe a bheith níos ísle ná mar a measadh mar thoradh air sin a tharla easnamh €2.001 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

**A.8 Forbairt eacnamaíochta réigiúnach**

*Soláthar measta: €2.4 milliún, toradh: €2.071 milliún*

Bhí easnamh €329,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta ann mar gheall ar mhoilleanna i gconradh Idirghabhála an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a shíniú.

**A.9 Na Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla**

*Soláthar measta: €10 milliún, toradh: €13.629 milliún*

Ba mar thoradh ar infheistíocht bhreise in obair fheabhsúcháin ar bhóithre agus ar lánaí beaga i gceantair faoin tuath a dhéanamh (nach dtagann faoi ghnáthchothabháil na n-údarás áitiúil) a tharla an méadú €3.629 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Tugadh faoin obair i gcomhthéacs sainchúram foriomlán chun an caighdeán saoil atá ag daoine atá ina gcónaí i gceantair faoin tuath a fheabhsú agus na hiarratais a bhí níos airde ná mar a rabhthas ag súil leis ar an scéim seo, atá faoi stiúir éilimh,a shásamh.

**A.10 An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe**

*Soláthar measta: €52 milliún, toradh: €31.285 milliún*

Ceadaíodh maoiniú suntasach caipitil faoin scéim nua ilbhliantúil seo (a tugadh isteach in 2019) chun mórthionscadail chaipitil thuaithe, chomhtháite lena mbaineann roinnt páirtithe tionscadail a chur chun cinn. Mar gheall ar an gcastacht seo, ghlac dearadh, soláthar agus seachadadh na dtionscadal seo níos faide ná mar a bhí beartaithe ar dtús agus mar thoradh air sin bhí easnamh €20.715 milliún i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta sa chéad bhliain a cuireadh an Ciste i bhfeidhm.

## Clár B Forbairt Pobail

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán - pá | 3,670 | 3,765 | 3,232 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,501 | 857 | 664 |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (An Crannchur Náisiúnta) | 12,588 | 13,241 | 14,974 |
| B.4 | *SICAP*, tacaíochtaí forbartha áitiúla / réigiúnaí (An Crannchur Náisiúnta) | 43,230 | 43,165 | 43,185 |
| B.5 | Coistí forbartha pobail áitiúla (tacaíocht) | 1,905 | 1,904 | 2,123 |
| B.6 | Tacaíocht oideachais do phobail atá faoi mhíbhuntáiste | 7,000 | 7,000 | 5,678 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | 12,570 | 12,756 | 5,750 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 4,967 | 8,345 | 3,986 |
| B.9 | Sábháilteacht Uisce na hÉireann | 1,118 | 1,118 | 1,254 |
| B.10 | Forbairt leabharlann agus seirbhís chartlainne | 7,151 | 7,331 | 8,062 |
| B.11 | An Clár um Fheabhsú Pobail: | 4,000 | 4,000 | 10,515 |
| B.12 | An Clár um Sheirbhísí Pobail | 46,190 | 43,855 | 43,525 |
| B.13 | Aonaid um Uilechuimsitheacht Shóisialta | 550 | 546 | 531 |
| B.14 | Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí | 1,750 | 1,750 | 2,206 |
| B.15 | Seirbhísí eile | 35 | 100 | 79 |
| | | **148,225** | **149,733** | **145,764** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €1.508 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí easnamh €549,000 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana; is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid €2.057 milliún:

**B.3 Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (An Crannchur Náisiúnta)**

*Soláthar measta: €12.588 milliún, toradh: €13.241 milliún*

Bhí méadú €653,000 ar chaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta mar gheall ar an maoiniú breise a leithdháileadh ar an leagan nua den scéim chun tacú le heagraíochtaí náisiúnta, a seoladh an 1 Iúil, 2019.

**B.8 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Soláthar measta: €4.967 milliún, toradh: €8.345 milliún*

Bhí méadú €3.378 milliún ar chaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar measta mar gheall gur clár faoi stiúir éilimh é an Clár *Peace* agus go raibh breis gníomhaíochta agus costas a thabhaigh tairbhithe i gceist leis in 2019.

**B.12 An Clár um Sheirbhísí Pobail**

*Soláthar measta: €46.19 milliún, toradh: €43.855 milliún*

D'eascair easnamh €2.335 milliún i gcomórtas leis an soláthar measta mar gheall gur thosaigh roinnt eagraíochtaí nua ag gníomhú níos déanaí ná mar a rabhthas ag súil leis le linn na bliana 2019. Ina theannta sin, bhí roinnt eagraíochtaí ann a d'éiligh níos lú ná mar a rabhthas ag súil i dtús báire.

## Clár C An tÚdarás Rialála Carthanas

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán - pá | 76 | 88 | 75 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 30 | 19 | 13 |
| C.3 | An tÚdarás Rialála Carthanas | 4,490 | 3,762 | 4,005 |
| C.4 | An Binse Achomhairc Carthanas | 10 | 1 | — |
| | | **4,606** | **3,870** | **4,093** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €736,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtús báire. Bhí róchaiteachas €1,000 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus tá sin mínithe cheana. Is mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid €737,000 milliún sin:

***C.3 An tÚdarás Rialála Carthanas***

*Soláthar measta: €4.49 milliún, toradh: €3.762 milliún*

Ba mar thoradh ar chostais cláir a bhain le pá san Údarás Rialála Carthanas a bheith níos lú ná mar a bhí súil leis de bharr moill a bheith ar earcaíocht a raibh easnamh €728,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | *LEADER* - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe | 15,000 | 24,355 | 13,835 |
| 2 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 2,500 | 2,566 | 2,344 |
| 3 | Cuntais dhíomhaoine – caiteachas cláir | 12,570 | 12,756 | 10,070 |
| 4 | *SICAP* - An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail | — | 35 | 15 |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 400 | 445 | 455 |
| 6 | Earraí Ilghnéitheacha | 50 | 148 | 174 |
| | **Iomlán** | **30,520** | **40,305** | **26,893** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh rannaíocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó Eanáir 2019.

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €9.785 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na hathruithe leagtha amach thíos:

**1 *LEADER* - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe**

*Measta: €15 milliún, réadaithe: €24.355 milliún*

Bhí fáltais bhreise €9.355 milliún ann mar gheall ar níos mó ceaduithe agus íocaíochtaí *Leader* AE le linn 2019 ná mar a rabhthas ag súil leo agus mar thoradh air sin fuair an Roinn líon níos mó fáltas *Leader* AE le linn 2019.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Tuarastail Aire a géilleadh ar bhonn deonach | 15 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | — | — |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **15** | — |

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 An líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 149 | 147 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 71 | 64 |
| Iomlán | 220 | 211 |

Nóta [a] Áirítear an tÚdarás Rialála Carthanas, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Sábháilteacht Uisce na hÉireann ar fhoireann na ngníomhaireachtaí.

### 5.2 Pá

**Luach Saothair fhoireann na Roinne**

| | 2019 €000 | 2018 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 8,018 | 6,954 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 115 | 67 |
| Ragobair | 33 | 18 |
| ÁSPC an fhostóra | 589 | 476 |
| **Pá iomlán** | **8,755** | **7,515** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre [a]

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 € | 2018 € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 14 | 4 | 22,029 | 20,613 |
| Ragobair | 12 | 1 | 26,433 | 13,792 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | 1 | 31,654 | 17,246 |

Nóta [a] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luach saothair eile atá i 5.2 agus 5.3 thuas le foireann na Roinne a íoctar go díreach as an Vóta. Is féidir teacht ar fhaisnéis shonraithe a bhaineann le líon na bhfostaithe agus a bpá maidir le gníomhaireachtaí na Roinne sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

### 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 18 | 12,768 | 15,283 |

Cuireadh pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le gach ró-íocaíocht a tharla in 2019.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| Fo-mhír-cheann | Míniú | 2019 Meastachán €000 | 2019 Toradh €000 | 2018 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 10,560 | 10,560 | 10,292 |
| B.4 | *SICAP*, tacaíochtaí forbartha áitiúla/ réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag gCrannchur Náisiúnta) | 2,683 | 2,683 | 2,974 |
| | | **13,243** | **13,243** | **13,266** |

### 6.2 Maoiniú AE [a]

Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhFo-mhírcheann A.5 agus B.8 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ag Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa faoi seach. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin i ndáil le maoiniú agus torthaí AE, bunaithe ar rátaí caiteachais agus cómhaoinithe:

| Fo-mhírcheann | Míniú | 2019 Meastachán €000 | 2019 Toradh €000 | 2018 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| A.5 | *LEADER* - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe | 17,584 | 25,963 | 13,950 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 4,222 | 7,094 | 3,388 |
| | | **21,806** | **33,057** | **17,338** |

Nóta [a] Tá íocaíochtaí a rinneadh faoi A.5 agus B.8 cómhaoinithe ag an AE, 62.8% agus 85% faoi seach.

## 6.3 Íocaíochtaí chuig Pobal

Déanann Pobal roinnt clár deontas a riar thar ceann na Roinne. D'aistrigh an Roinn méideanna ar fiú €61.61 milliún san iomlán iad in 2019 chun tacú leis na cláir seo mar atá leagtha amach thíos.

| **Fo-mhírcheann** | **Míniú** | **2019 Toradh €000** | **2018 Toradh €000** |
|---|---|---|---|
| A.4 | An Scéim Forbartha Tuaithe Náisiúnta | 1,371 | 1,454 |
| A.5 | *LEADER* - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe | 1,874 | 1,529 |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach | 10,421 | 12,892 |
| B.4 | *SICAP*, tacaíochtaí forbartha áitiúla / réigiúnaí | 2,027 | 1,867 |
| B.6 | Tacaíochtaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste | 1,000 | 660 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | 1,142 | 2,370 |
| B.12 | An Clár um Sheirbhísí Pobail | 43,775 | 43,530 |
| **Iomlán** | | **61,610** | **64,297** |

Tá méideanna ar fiú €4.63 milliún san iomlán iad nach bhfuil caite go fóill i ndáil le híocaíochtaí a rinneadh an Roinn in 2019 aitheanta ag Pobal. Ag teacht le ciorclán 13/2014, glacann an Roinn aon iarmhéideanna dá leithéid san áireamh agus íocaíochtaí ina ndiaidh sin á ndéanamh chuig Pobal.

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail

Is liosta atá sa tábla seo a leanas de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, amhail an dáta ar síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus an dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht / ciste roinne | Tréimhse deiridh cuntas-aíochta | Dáta na tuarascála iniúchóra | Dáta a fuair an Roinn í | Dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Pobal | 2018 | 08 Deireadh Fómhair 2019 | 30 Deireadh Fómhair 2019 | 13 Samhain 2019 |
| An tÚdarás Rialála Carthanas | 2018 | 18 Meitheamh 2019 | 21 Meitheamh 2019 | 28 Meitheamh 2019 |
| Coimisiún Forbartha an Iarthair | 2018 | 24 Nollaig 2019 | 14 Eanáir 2020 | — |
| Sábháilteacht Uisce na hÉireann (díscaoilte) [a] | 2017 | 13 Nollaig 2018 | 14 Nollaig 2018 | 19 Nollaig 2018 |

Nóta [a] Díscaoileadh Sábháilteacht Uisce na hÉireann (*IWS*) an 17 Feabhra 2019 faoi IR Uimh. 55/2019 - Ordú Shábháilteacht Uisce na hÉireann (Sócmhainní agus Dliteanais a Aistriú) 2019. Cuireadh síneadh le bliain airgeadais *IWS* faoin Ordú agus clúdaíonn an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 17 Feabhra 2019 chun cuntais *IWS* a dhúnadh. Meastar go dtabharfar na ráitis airgeadais chun críche níos déanaí i mbliana. Faoi IR Uimh. 55/2019, aistríodh sócmhainní agus dliteanais uile Shábháilteacht Uisce na hÉireann (*Irish Water Safety*) chuig Sábháilteacht Uisce na hÉireann (*Water Safety Ireland*) an 17 Feabhra 2019.